Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2087(INI)

13.6.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le moladh ó Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le caibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) i bPoblacht Ioslamach na Máratáine
(2023/2087(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Tineke Strik

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta
Jan-Christoph Oetjen, An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

PR_INI_AgreementRecomm

CLÁR

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH MOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TOGRA LE hAGHAIDH MOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

a bhaineann le caibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) i bPoblacht Ioslamach na Máratáine (2023/2087(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine 1948,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Ginéive 1951 agus don phrótacal breise a ghabhann leis,

– ag féachaint do Chaibidil V, Rialachán 33 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le Cásanna Anacra: Oibleagáidí agus nósanna imeachta,

– ag féachaint do Chaibidil 5 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir (Coinbhinsiún SAR) maidir le nósanna imeachta oibríochta,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine) an 3 Meán Fómhair 1953,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'),

– ag féachaint do CFAE, agus go háirithe pointí (b) agus (d) d'Airteagal 77(2), pointe (c) d'Airteagal 79(2), agus míreanna (3) agus (4) d'Airteagal 218 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus Rialachán (AE) 2016/1624[1],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/1168 ón gComhairle an 4 Iúil 2022 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht Ioslamach na Máratáine[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 maidir leis an

[1] IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.
[2] IO L 181, 7.7.2022, lch. 18.

Samhail-Chomhaontú Stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus Rialachán (AE) 2016/1624 (COM(2021)0829),

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2021 maidir le cosaint chearta an duine agus beartas imirce seachtrach an Aontais[3],

– ag féachaint do thuarascáil an 14 Iúil 2021 ón Meitheal um Ghrinnscrúdú Frontex de chuid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile maidir leis an imscrúdú aimsithe fíoras ar Frontex maidir le sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha agus a mholtaí,

– ag féachaint do Rialacha 114(4) agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón bhFochoiste um Chearta an Duine de chuid an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

A. de bhrí, de bhun Airteagal 73(3) de Rialachán 2019/1896, in imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ón mbuanchór a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, ní mór don Aontas comhaontú stádais a thabhairt i gcrích leis an tríú tír sin ar bhonn Airteagal 218 CFAE;

B. de bhrí, de bhun Airteagal 73(2) de Rialachán 2019/1896, le linn di oibriú i gcomhar le húdaráis tríú tíortha, go ngníomhóidh an Ghníomhaireacht faoi chuimsiú bheartas gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha agus sonraí pearsanta a chosaint, prionsabal an non-refoulement, an toirmeasc ar choinneáil threallach agus an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach;

C. de bhrí, de réir Rialachán 2019/1986, ina molann an Coimisiún don Chomhairle údarú a thabhairt dó comhaontú stádais a chaibidliú, ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar staid na gceart bunúsach atá ábhartha do na réimsí a chumhdaítear leis an gcomhaontú stádais; de bhrí nach ndearnadh measúnú den sórt sin go fóill;

D. de bhrí, de réir an tSamhail-Chomhaontaithe Stádais:

— Ní fhéadfaidh baill foirne Frontex, cúraimí a chomhlíonadh agus cumhachtaí a fheidhmiú i gcríoch an tríú tír, go ginearálta, ach amháin faoi threoracha ó údaráis bainistithe teorann na tíre sin agus i láthair na n-údarás sin, agus ní mór dóibh dlíthe agus rialacháin an tríú tír chomh maith le dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta is infheidhme a chomhlíonadh; de bhrí nár cheart d'údaráis an tríú tír treoracha a eisiúint do bhaill na foirne ach amháin má tá siad i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil; de bhrí gurb é sin an t-aon chreat oibríochtúil ina n-oibríonn pearsanra AE faoi cheannas tríú

[3] IO C 15, 12.1.2022, lch. 70.

stát;

— Tá díolúine ag baill foirne Frontex ó dhlínse choiriúil an tríú tír i ngach uile chás, agus níor cheart go mbeidís faoi réir aon chineál gabhála ná coinneála sa tríú tír ná ag a húdaráis; de bhrí go bhfuil an tarscaoileadh díolúine faoi rogha an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nó an Bhallstáit baile, ag brath ar stádas an bhaill foirne;

E. de bhrí nach bhfuil aon chóras dlí náisiúnta tearmainn i bhfeidhm ag an Máratáin; de bhrí go ndeonaíonn Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) cosaint de facto trí chártaí agus deimhnithe dídeanaí a eisiúint ar bhonn meabhrán leis na húdaráis; de bhrí go ndéanann na húdaráis daoine a mheastar a bheith neamh-incháilithe le haghaidh cosanta a dhíbirt go struchtúrach gan aon nós imeachta breise; de bhrí gur áiríodh leis sin, daoine nach ndearna UNHCR measúnú ar a gcásanna, a dhíbirt; de bhrí nach gceadaítear le creat dlíthiúil reatha na Máratáine cosaint éifeachtach do mhná agus do leanaí, ná do dhaoine LADTIA+; de bhrí go bhfuil gníomhaíocht chomhghnéis neamhdhleathach sa Mháratáin;

F. de bhrí go mbíonn dídeanaithe agus imircigh sa Mháratáin de shíor ag dul i ngleic le sáruithe córasacha tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar dhrochíde amhail refoulement, gabhálacha treallacha agus coinneáil, foréigean (inscnebhunaithe), lena n-áirítear cásanna céastóireachta, dúshaothraithe, dálaí coinneála mí-úsáidí, sractha agus gadaíochta, agus díbirt chomhchoiteann mhí-úsáideach;

G. de bhrí nach ndearna an Mháratáin an sclábhaíocht a dhíothú go foirmiúil ach in 1981, agus gurbh í an Mháratáin an tír dheireanach ar domhan déanamh amhlaidh; de bhrí nach ndearnadh an sclábhaíocht a choiriúlú ach ó 2015 i leith; de bhrí gur chinn Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe in 2022 go raibh céimeanna suntasacha glactha ag an tír ach gur cúis imní i gcónaí sclábhaíocht agus cleachtais atá cosúil leis an sclábhaíocht a bheith ann fós, lena n-áirítear cleachtais an tsaothair éigeantais, agus go bhfuil tionchar aige ar imircigh agus ar shaoránaigh na Máratáine araon;

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di staid na gceart bunúsach sa Mháratáin, go háirithe i gcás na n-imirceach agus na ndídeanaithe, agus á mheas go bhfuil baol mór ann go mbeidh imscaradh chumhachtaí feidhmiúcháin Frontex sa Mháratáin freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar dócha go mbeidís leanúnach, ar chearta bunúsacha nó ar oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta;

2. á mheas, más rud é nach leor an Samhail-Chomhaontú Stádais chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní thuasluaite, go bhféadfadh bearnaí cuntasachta a bheith mar thoradh air sin i gcás sáruithe ar chearta bunúsacha arna ndéanamh ag údaráis an tríú tír agus/nó ag pearsanra imscartha Frontex;

3. ag tathant go láidir ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

3.1 an Coimisiún Eorpach

a. coimircí sainráite a chur san áireamh lena gceadaítear d'oifigigh imscartha neamhaird a thabhairt ar orduithe arna n-eisiúint ag údaráis an tríú tír a thagann salach ar oibleagáidí na Gníomhaireachta maidir le cearta bunúsacha a eascraíonn

as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta;

b. athbhreithniú a dhéanamh ar an bhforáil reatha maidir le díolúine ó ionchúiseamh coiriúil ag údaráis náisiúnta d'oifigigh imscartha, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus chun an ceart chun leighis éifeachtaigh do na daoine aonair lena mbaineann a choimirciú;

c. sásraí inmheánacha agus seachtracha leordhóthanacha a chumhdach do dhaoine aonair neamh-AE chun gearáin a dhíriú chuig an nGníomhaireacht, i gcomhréir le moltaí Ombudsman AE;

d. forálacha a chur san áireamh maidir le húdaráis na Máratáine lena n-urramaítear cearta bunúsacha le linn oibríochtaí, lena n-áirítear roghanna fónta lena n-áiritheofar cuntasacht i gcás sáruithe;

e. measúnuithe tionchair ex ante ar chearta bunúsacha a dhéanamh sula rachaidh siad i mbun caibidlíochta le tríú tíortha maidir le Comhaontuithe Stádais a thabhairt i gcrích, d'fhonn a bheith in ann tionchar an chomhair a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas go hiomlán agus na coimircí is gá a chaibidliú;

3.2 Frontex

a. ról an Oifigigh um Chearta Bunúsacha (FRO) a chur ar bhonn foirmiúil agus cinneadh á dhéanamh ar cheart oibríocht chomhpháirteach a sheoladh sa tríú tír a chumhdaítear leis an gComhaontú Stádais, agus caitheamh le tuairim an Oifigigh um Chearta Bunúsacha mar thuairim cheangailteach;

b. a áirithiú go mbeadh an méid seo a leanas ann maidir le haon phlean oibríochtúil lena mbunaítear oibríochtaí ar chríoch na Máratáine:

i. sásra foirmiúil a chumhdach le haghaidh daoine a ndéantar difear dóibh go díreach nó daoine ag gníomhú dóibh chun leas an phobail, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír, chun gearáin a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta maidir le gníomhaíochtaí foirne arna n-imscaradh sa tríú tír, agus forálacha soiléire a chur san áireamh maidir leis an obair leantach agus uirlisí forfheidhmithe tar éis gearáin a thaisceadh;

ii. láithreacht Frontex a áirithiú i réimsí ríthábhachtacha inar dócha go dtarlóidh gabháil imirceach, agus lena mbeartaítear go dtabharfar rochtain iomlán don Oifigeach um Chearta Bunúsacha agus do Mhonatóirí ar Chearta Bunúsacha ar an réimse oibríochtúil;

iii. oibriú i ndlúthchomhar le UNHCR le linn oibríochtaí sa Mháratáin chun an ceart chun tearmainn a ráthú;

c. treoirlínte a ghlacadh maidir le tarscaoileadh éigeantach díolúine do bhaill foirne imscartha, ina sonrófar conas a dhéileálfar le hiarrataí ó údaráis tríú tír, chomh maith le ról láidir a chumhdach don Oifigeach um Chearta Bunúsacha; imscaradh na mbuanchór a chur de choinníoll ar na treoirlínte sin;

d. sásraí a fhiosrú agus a bhunú do dhaoine a bhféadfadh gníomhaíocht na Gníomhaireachta ar chríoch tríú tír difear a dhéanamh dóibh chun leigheas a lorg go héifeachtach trí chomhlachtaí seachtracha, amhail an tOmbudsman, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó eintiteas difriúil;

e. oiliúint maidir le cearta bunúsacha a sholáthar do na húdaráis mar dhlúthchuid d'oibríochtaí feidhmiúcháin i dtríú tíortha, lena n-áirítear maidir le hoibleagáidí SAR, agus obair a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcóras tearmainn;

°

° °

4. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus chuig Rialtas na Máratáine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le teacht i bhfeidhm Rialachán 2019/1986 (an Rialachán), rinneadh sainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) a leathnú go suntasach, lena n-áirítear na féidearthachtaí atá ann oibriú i dtríú tíortha. Leis an Rialachán, tugtar sainordú don Ghníomhaireacht maidir leis an bhféidearthacht baill foirne a imscaradh le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla ar chríoch tríú tír nach bhfuil aon chomhtheorainneacha acu le Ballstát den Aontas, a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh, ar cúraimí iad a shainmhínítear sa Rialachán.

Chun an creat dlíthiúil a bhunú chun cúraimí feidhmiúcháin a dhéanamh ar chríoch tríú tír, is gá Comhaontú Stádais, mar a thugtar air, a thabhairt i gcrích. Baineann sé sin le comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus an tríú tír de réir Airteagal 218 CFAE. Ó thaobh nósanna imeachta de, tugann an Chomhairle sainordú don Choimisiún Eorpach comhaontú den sórt sin a chaibidliú thar ceann an Aontais, agus tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, de réir an Airteagail seo, Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas go hiomlán agus láithreach ag gach céim den nós imeachta. Mar a chumhdaítear in Airteagal 54(5) de Rialachán (AE) 2019/1986, déanfaidh an Coimisiún Eorpach caibidlíocht ar bhonn an 't-samhail-chomhaontaithe stádais', mar a leagtar síos i dteachtaireacht COM(2021)829. Nuair a bheidh an chaibidlíocht tugtha chun críche, ba cheart go n-iarrfaí ar Pharlaimint na hEorpa vótáil ar an gcomhaontú mar a caibidlíodh é agus a toiliú a thabhairt sula bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm.

An 4 Iúil, le Cinneadh (AE) 2022/1168 ón gComhairle údaraíodh don Choimisiún Comhaontú Stádais a chaibidliú le Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag Frontex ar chríoch na Máratáine. Bhí an treoir chaibidlíochta ag gabháil leis an gcinneadh sin, inar chuir an Chomhairle in iúl nach bhfaca sí aon chúis shonrach le maolú ar an samhail-Chomhaontú Stádais, agus ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bhunús a chaomhnú le linn na caibidlíochta. Rinneadh cinneadh comhuaineach tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Seineagáile.

An 9 Feabhra 2023, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir go dtacaíonn sí go polaitiúil leis an iarracht gníomhaíocht Frontex a sheachtrú trína iarraidh go dtabharfaí an chaibidlíocht maidir le Comhaontuithe Stádais nua agus athbhreithnithe chun críche go pras sna conclúidí uaithi, lena n-áirítear leis an tSeineagáil agus leis an Máratáin.
Leis an gComhaontú Stádais a d'fhéadfadh a bheith ann leis an Máratáin, thabharfaí sainordú do Frontex den chéad uair ó bunaíodh é sainordú feidhmiúcháin a chomhlíonadh ar chríoch tríú tír nach bhfuil teorainn aici le Ballstát den Aontas ná nach bhfuil lonnaithe go geografach san Eoraip. Bheadh impleachtaí an-difriúil ag an gcéim sin i gcomparáid leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi na Comhaontuithe Stádais atá ann faoi láthair.

Tá an uaillmhian chéanna ag na tíortha a shínigh Comhaontuithe Stádais Frontex faoi láthair a bheith ina gcuid den Aontas sa ghearrthéarma, rud a chiallaíonn go bhfuil siad i mbun a gcreataí dlíthiúla a ailíniú le acquis an Aontais — lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha. Thairis sin, is páirtithe iad uile i gComhairle na hEorpa, agus dá bhrí sin tá siad faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. I gcomparáid leis an Máratáin, tá na tíortha sin faoi cheangal ag creataí a chabhraíonn le caighdeáin an Aontais maidir le cearta bunúsacha a choimirciú go pointe áirithe.

I bhfianaise na n-impleachtaí agus na bhfasach suntasach a cruthaíodh trí Chomhaontú Stádais Frontex a thabhairt i gcrích le tríú tír neamh-Eorpach, chinn Parlaimint na hEorpa nós imeachta níos fairsinge a thionscnamh le linn phróiseas caibidlíochta an Chomhaontaithe Stádais, seachas an nós imeachta toilithe — atá sách teoranta. Rinne an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile — atá freagrach as grinnscrúdú Frontex — an cinneadh an tuarascáil féintionscnaimh sin a tharraingt, cheana féin le linn chéim na caibidlíochta, d'fhonn moltaí a sholáthar don Choimisiún maidir leis an bpróiseas caibidlíochta. Eiseoidh an coiste um chearta an duine (DROI) tuairim ar an tuarascáil, i bhfianaise chineál seachtrach an Chomhaontaithe Stádais agus ghné chearta an duine.

Ó thaobh nós imeachta de, thionóil an Rapóirtéir dhá chruinniú Scáthrapóirtéir, inar iarradh ar na príomhpháirtithe leasmhara a dtuairimí ar an ábhar a chur i láthair. I gcéad chruinniú, ghlac an Coimisiún Eorpach — mar an t-eintiteas caibidlíochta — páirt, chomh maith le beirt taighdeoirí a bhfuil saineolas acu ar chearta an duine agus ar an dlí idirnáisiúnta. Le linn an dara cruinniú, ghlac Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex, agus ionadaí ón Oifigeach um Chearta Bunúsacha páirt ann. Tugadh cuireadh d'údaráis na Máratáine freisin, ach níor ghlac siad páirt ann.

Seasamh agus torthaí an Rapóirtéara

Leagtar amach sa dréacht-tuarascáil roinnt gnéithe den samhail-Chomhaontú Stádais a d'fhéadfadh bearnaí cuntasachta a chruthú i gcás conclúid leis an Máratáin ar an mbonn sin. Tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil na forálacha a bhaineann le díolúine sa samhail-chomhaontú róleathan, rud a fhágann go bhfuil baol suntasach ann go gcothófar saoirse ó phionós. Is gné bhreise é nach féidir baill den bhuanchór a ionchúiseamh ina mBallstáit baile, rud a chuireann leis an tsaoirse ó phionós. Cé go mbeadh an deis ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin díolúine ball foirne aonair a tharscaoileadh faoin samhail-chomhaontú stádais, creideann an Rapóirtéir nach leor an nós imeachta sin mar ionadach ar ionchúiseamh breithiúnach, ós rud é gur cheart do chomhlacht seachtrach neamhspleách an nós imeachta sin a chur i gcrích chun neamhchlaontacht agus neodracht na n-imeachtaí a choimirciú.

Thairis sin, tá an Rapóirtéir den tuairim nár cheart díolúine a dheonú go bunúsach ach amháin go han-cháiréiseach agus le comhréireacht, i bhfianaise na n-impleachtaí móra a bhaineann léi do cheannasacht tíre agus na bhféidearthachtaí atá ag an tír sin daoine aonair a thabhairt chun cuntais as gníomhaíochtaí a rinneadh ar a críoch. Measann an Rapóirtéir go bhfuil díolúine neamhriachtanach agus díréireach a mhéid a bhaineann le cúraimí bainistithe teorainneacha a dhéanamh. Ós rud é go bhforáiltear leis an samhail-chomhaontú go ndéanfadh oifigigh airm sheirbhíse a iompar agus forneart a úsáid, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé sásraí fónta cuntasachta a áirithiú.

Thairis sin, foráiltear leis an samhail-chomhaontú do struchtúr ceannais ina dtabharfaidh oifigigh na Máratáine treoracha do bhaill foirne Frontex arna n-imscaradh. Cruthaíonn sé sin bearna dhlíthiúil a ardaíonn éiginnteacht maidir le cuntasacht dhlíthiúil na Gníomhaireachta i leith na ngníomhaíochtaí a dhéanann a foireann faoi oibríochtaí comhpháirteacha, ós rud é nach ndéanfadh an Gníomhaireacht rialú a fheidhmiú ar bhaill foirne arna n-imscaradh. Tá fadhbanna ag baint leis sin go háirithe i bhfianaise na gcreataí dlíthiúla éagsúla a bhfuil údaráis na Máratáine agus Frontex faoi cheangal acu. Measann an Rapóirtéir nach dtugann an Coimisiún ná Frontex aghaidh ar an gceist seo ar bhealach leordhóthanach le linn an nós

imeachta.

Baineann easnamh eile sa samhail-chomhaontú leis na féidearthachtaí teoranta seachtracha gearáin a chur isteach, go háirithe ós rud é nach bhfuil an deis ag saoránaigh neamh-AE gearáin a chur isteach ag Ombudsman AE, agus dlínse theoranta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ar ghníomhaíocht sheachtrach. Dá bhrí sin, fiosraíonn an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún conas na féidearthachtaí sin a leathnú, a bhféadfadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus Ombudsman AE a bheith rannpháirteach ann.

Sa chomhthéacs sin, molann an Rapóirtéir don Choimisiún Eorpach aghaidh cheart a thabhairt ar na heasnaimh thuasluaite le linn na caibidlíochta sula lorgóidh sé toiliú ó Pharlaimint na hEorpa don Chomhaontú Stádais. Thairis sin, molann an Rapóirtéir don Choimisiún measúnú tionchair ex ante ar chearta bunúsacha a dhéanamh gan a thuilleadh moille, chun torthaí an mheasúnaithe sin a chur san áireamh. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún faireachán neamhspleách a dhéanamh i gcás an chomhair iarbhír ar bhonn an Chomhaontaithe Stádais, i gcomhréir leis an moladh ón bParlaimint ina thuarascáil maidir le ‘Cosaint chearta an duine agus beartas imirce seachtrach AE’, mar a glacadh i mí na Bealtaine 2021.

Cé is moite de na heasnaimh dhlíthiúla, shainaithin an Rapóirtéir staid na gceart bunúsach sa Mháratáin mar ábhar imní i gcás imscaradh Frontex ar a chríoch. In éagmais córas dlí tearmainn, is é Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) a chinneann incháilitheacht le haghaidh tearmainn. Mar sin féin, déanann na húdaráis daoine aonair nach meastar a bheith incháilithe le haghaidh tearmainn a dhíbirt chuig Mailí agus chuig an tSeineagáil gan aon nós imeachta breise. Ina theannta sin, tá fadhbanna praiticiúla ann a bhaineann leis an rochtain atá ag UNHCR ar dhaoine a gabhadh, rud a chruthaíonn baol go ndíbreofar daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu. Ina theannta sin, tá roinnt saincheisteanna eile le sárú ag imircigh agus dídeanaithe, a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus drochíde amhail refoulement, gabhálacha treallacha, céasadh, coinneáil, foréigean (inscnebhunaithe), dúshaothrú agus cur i bhfeidhm pionós atá faoi shainordú Sharia atá neamhdhleathach san Aontas. Dá bhrí sin, tá riosca suntasach ag baint le hoibríochtaí Frontex sa Mháratáin, agus faoi struchtúir cheannais údaráis na Máratáine, go mbeidh baill foirne imscartha luaite leis na sáruithe sin.

Molann an Rapóirtéir go ndéanfadh Frontex breithniú críochnúil ar mholtaí na Parlaiminte agus go gcomhoibreodh sé i ndlúthchomhar leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a shainaithnítear sa tuarascáil agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí a bhaineann le cearta bunúsacha. Iarrann an Rapóirtéir go láidir freisin ar an nGníomhaireacht agus ar an Oifigeach um Chearta Bunúsacha measúnú ceart a dhéanamh ar a indéanta atá sé sainordú feidhmiúcháin a bheith á gcomhlíonadh ag Frontex ar chríoch na Máratáine agus na hoibleagáidí maidir le cearta bunúsacha atá cumhdaithe ag dlí an Aontais á gcomhlíonadh ina n-iomláine.